

## Clár Imeachtaí Beo seolta ag Féile Liteartha Chorca Dhuibhne Féile Liteartha Chorca Dhuibhne, an 19 - 21 Samhain 2021

Tá dul chun cinn dochreidte Fhéile Liteartha Chorca Dhuibhne ag leanúint ar aghaidh gan stad anois agus an clár imeachtaí á sheoladh don fhéile i mbliana, a bheidh ar siúl idir an 19 agus an 21 Samhain 2021. Is gearr go mbeidh idir scríbhneoirí agus daoine móra liteartha ag tabhairt aghaidh arís ar Chorca Dhuibhne chun ceiliúradh a dhéanamh ar an uile chineál scríbhneoireachta. D'fhonn forbairt a dhéanamh ar a fheabhas a d'éirigh leis an bhféile in 2020, beidh clár imeachtaí Fhéile Liteartha Chorca Dhuibhne 'hibrideach' i mbliana agus, chuige sin, beidh comhráite liteartha le scoth na scríbhneoirí á gcráladh beo ón Díseart.

Is mór an onóir d'Fhéile Liteartha Chorca Dhuibhne fáilte a chur roimh Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigín, go Corca Dhuibhne. Guth paiseanta polaitiúil, fear léinn agus duine a sheas an fód riamh ar son chearta an duine, is laoch liteartha, cruthaitheachta agus filíochta é i sochaí na hÉireann. Tá an tUachtarán ag teacht chun an Daingin chun plé a dhéanamh ar an bhfoilseachán is déanaí dá chuid, *Reclaiming the European Street*. Sa chnuasach óráidí ar théamaí Eorpacha seo, tugann sé suntas don mheath atá tagtha le déanaí ar an dlúthpháirtíocht, an méadú ar éagothroime agus leagann béim ar a thábhachtaí atá sé féachaint siar sa stair chun ceachtanna a fhoghlaim don am i láthair.

Is iomaí imeacht Gaeilge a bheidh ar siúl, le Declan Kiberd, Alex Hijmans agus Victor Bayla, gan trácht ar na himeachtaí draíochtúla scéalaíochta do leanaí.

Beidh Eoghan Mac Ghiolla Bhríde á chur faoi agallamh ag Cathal Poirteir agus Dé Domhnaigh cuirfidimid fáilte roimh Thadhg Mac Dhonnagáin, a bheidh ag plé na foilsitheoireachta in Éirinn.

Dé Sathairn, an 20 Samhain, beidh ceiliúradh ar Shíobhán agus Mícheál Ó Súilleabháin in Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh, mar bhuaicphointe na seachtaine.

Beidh an t-údar agus an staraí Diarmaid Ferriter ag labhairt faoina leabhar nua, *Between Two Hells*, iniúchadh iontach ar an gCogadh Cathartha agus ar an lorg a d'fhág sé ar Éirinn agus ar shaol polaitíochta na hÉireann sa leathchéad bliain ina dhiaidh. Beidh an t-amhránaí is scríbhneoir Declan O'Rourke i mbun comhrá faoina chéad úrscéal, *The Pawnbroker's Reward*, agus beidh Nicole Flattery, John Patrick McHugh, Éilis Ní Dhuibhne agus Evelyn Conlon ag tabhairt ómós don ghearrscéal. Cuirfidh imeachtaí le Carlo Gebler agus Catherine Merrigan tuilleadh leis an saibhreas cainte.

Chun cur leis an méid a baineadh amach ar líne in 2020, tá Féile Liteartha Chorca Dhuibhne chun na scríbhneoirí a thabhairt chun na léitheoirí ina dteach féin, áit a bhfaighidh siad blaiseadh de scéalta ó Carol Drinkwater, Emma Dabiri, Colm Tobin, Kevin Barry agus Paul Muldoon.

Tá ríméad ar Stiúrthóir na Féile, Sheila O'Reilly, fáilte a chur roimh léitheoirí agus scríbhneoirí araon thar n-ais go dtí Féile Liteartha Chorca Dhuibhne, 2021. 'Tá an-áthas orainn an litríocht agus an cultúr a thabhairt thar n-ais chuig ionaid, beáir agus sráideanna an Daingin, áit a ndéanfaimid ceiliúradh ar na scríbhneoirí den chéad scoth atá againn anseo in Éirinn, agus orthu siúd a bheidh ag teacht ó chian, chun leanúint ar aghaidh leis na comhráite ar chuireamar tús leo ar líne in 2020'

Tá clár iomlán na féile le fáil ar [www.dinglelit.ie](http://www.dinglelit.ie) agus beidh na ticéid ar díol an 6 Deireadh Fómhair 2021. Gach eolas - Sinéad McDonnell ar 087 6310044.